**RABHADH**
**Ní mór an roinn seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar ag deireadh an scrúdaithe, nó caillfear marcanna.**

**Scrúduimhir an Iarrthóra**
☞

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2008**

# STAIDÉAR GNÓ – ARDLEIBHÉAL – PÁIPÉAR I

DÉ MÁIRT, 10 MEITHEAMH 2008 – MAIDIN, 9.30 a.m. - 12.00 p.m.

## ROINN A
**(80 marc)**

**Freagair an 20 ceist ar fad. Tá 4 mharc ag gabháil le gach ceist.**

**Is ceadmhach áireamháin a úsáid.**
**Déanamh agus Sórt an Áireamháin a Úsáideadh:** ☞

---

**1.** Baineann na ceannlitreacha seo a leanas le Teicneolaíocht na Faisnéise.
Cad dó a seasann siad? (Glacfar le freagraí i nGaeilge nó i mBéarla.)

| | |
|---|---|
| **AAT (VDU)** | |
| **RP (PC)** | |
| **GD (WWW)** | |
| **CRI (RAM)** | |

**2.** Is é a thugtar ar an gcuid den bhrabús a fhaigheann gach scairshealbhóir i gcomhlacht ná

**(i)** Bónas. ☐

**(ii)** Díbhinn. ☐

**(iii)** Coimisiún. ☐

**(iv)** Préimh. ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca cuí.

 THALL →

**3.** Freagair **A** *nó* **B**:

Líon na **ceithre** bhosca bhána, uimhrithe **(i)** go **(iv)**, chun an sliocht thíos as Clár Comhardaithe a chomhlánú:

| **A** | **Sliocht as Clár Comhardaithe ar an 31-12-2007** | |
|---|---|---|
| | € | € |
| **(i)** | | 250,000 |
| Sócmhainní Reatha | **(ii)** | |
| Lúide Fiachais Reatha | 110,000 | |
| **(iii)** | | **(iv)** |
| Sócmhainní Iomlána Glan | | 420,000 |
| | | |

**NÓ**

| **B** | **Sliocht as Clár Comhardaithe ar an 31-12-2007** | |
|---|---|---|
| | € | € |
| Maoinithe ag | | |
| **(i)** | | 150,000 |
| Cúlchistí | | **(iii)** |
| | | 310,000 |
| Fiachais Fhadtéarma | | **(iv)** |
| **(ii)** | | 420,000 |
| | | |

**4.** **(i)** Ba é an costas maireachtála i dtír áirithe in 2006 ná €8,000. €8,260 a bhí ann in 2007. Ríomh an ráta boilscithe.
(Taispeáin do chuid oibre.)

| **Freagra:** |
|---|
| |

| Obair: |
|---|
| |

**(ii)** In Éirinn, céard a thugtar ar thomhas oifigiúil an bhoilscithe?

---

**5.** Ar an 9 Meitheamh 2008, cheannaigh T. Mag Aoidh, úinéir ollmhargaidh, earraí ar €32,000 le seic. Ní raibh CBL le híoc ar na hearraí sin.

Comhlánaigh cuntais mhórleabhair T. Mhig Aoidh. Taispeáin ainmneacha na gcuntas agus na sonraí cuí, uimhrithe ó **(i)** go **(iv)**:

**(i) C/s** ____________________

Dr Sr

| Dáta | Sonraí | € | Dáta | Sonraí | € |
|---|---|---|---|---|---|
| 2008 Meith. 9 | **(ii)** | 32,000 | | | |

**(iii) C/s** ____________________

Dr Sr

| Dáta | Sonraí | € | Dáta | Sonraí | € |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | 2008 Meith. 9 | **(iv)** | 32,000 |

**6.** Liostaigh **dhá** asbhaint reachtúla as pá duine:

**(i)** ____________________________________________

**(ii)** ____________________________________________

**7.** Is liosta de théarmaí árachais atá i **gColún 1**. I g**Colún 2** tá liosta de ráitis is féidir a mheaitseáil leis na téarmaí sin. *(Tá ráiteas amháin díobh nach mbaineann le téarma árachais ar bith.)*

| Colún 1 – Téarmaí Árachais | Colún 2 – Ráitis |
|---|---|
| **1.** Achtúire | **A.** Préimh sa bhreis de bharr méadú riosca |
| **2.** Measúnóir | **B.** Ríomhann sé an méid cúitimh atá le híoc |
| **3.** Prionsabal na Ranníocaíochta | **C.** Tagann sé i bhfeidhm i gcás tearc-árachais agus páirtchaillteanais |
| **4.** Foráil Chaillroinnte | **D.** Ríomhann sé méid na préimhe |
| | **E.** Tagann sé i bhfeidhm i gcás ina mbíonn dhá árachóir nó níos mó i gceist |

Meaitseáil an dá liosta trí litir an ráitis is cuí a chur faoin uimhir a bhaineann leis thíos:

| **1.** | **2.** | **3.** | **4.** |
|---|---|---|---|
| | | | |

**8.** Líon isteach ainmneacha an tarraingeora, an tarraingí agus an íocaí ón mbeart seo a leanas sna spásanna cuí thíos:

Ar an 3 Meitheamh 2008, d'íoc Seán Ó Riain, a bhfuil cuntas reatha aige i mBanc Uladh, Gaillimh, Sorcha Ní Chuirrín le seic €200.

| | |
|---|---|
| **TARRAINGEOIR** | |
| **TARRAINGÍ** | |
| **ÍOCAÍ** | |

**9.** Mínigh an difríocht atá idir **deontas** agus **iasacht**:

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

**10.** Ón liosta seo a leanas, ríomh Caiteachas Reatha iomlán feirme áirithe.
(Taispeáin do chuid oibre.)

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Táillí Tréidliachta** | **€14,000** | **Talamh** | **€56,000** |
| **Deisiúcháin Innealra** | **€18,000** | **Díol Féir Thirim** | **€4,000** |

| Obair: |
|---|
| |

| **Freagra:** |
|---|
| **€** |

**11.** Mínigh **dhá** chúis a bhfuil stocáireamh riachtanach i ngnó ar bith:

**(i)** ______________________________________

______________________________________

**(ii)** ______________________________________

______________________________________

**12.** Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le féinfhostaíocht:

**(i)** ______________________________________________

______________________________________________

**(ii)** ______________________________________________

______________________________________________

**13.** Comhlánaigh agus comhardaigh Cuntas Rialúcháin na bhFéichiúnaithe ar an 31 Bealtaine 2008 ón eolas seo a leanas:

| | € |
|---|---|
| Iarmhéid na bhFéichiúnaithe ar an 1 Bealtaine 2008 | 1,400 |
| Díolacháin iomlána ar creidmheas i mí na Bealtaine | 8,500 |
| Airgead tirim iomlán faighte ó fhéichiúnaithe i mí na Bealtaine | 6,300 |

| Dr | **Cuntas Rialúcháin na bhFéichiúnaithe** | | | | Sr |
|---|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | € | Dáta | Sonraí | € |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |

**NÓ (Malairt Foirme)**

| **Cuntas Rialúcháin na bhFéichiúnaithe** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | Dr | Sr | Iarmhéid |
| | | € | € | € |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |

**14.** Tá na figiúirí seo a leanas sna Cuntais Chríochnaitheacha ag gnólacht áirithe:

**Stoc Tosaigh €35,000** **Stoc Deiridh €45,000** **Costas Díolachán €300,000**

Ríomh an Láimhdeachas Stoic:
(Taispeáin do chuid oibre.)

| Obair: |
|---|
| |

| **Freagra:** |
|---|
| ________________ uair |

**15.** Ainmnigh **dhá** cheannteideal i bPlean Gnó:

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**16.** Cuir tic (✓) sa cholún cuí chun a thaispeáint cén áit sna cuntais chríochnaitheacha ba cheart na míreanna seo a leanas a iontráil ar an 31/12/2007:

| | **Cuntas Trádála** | **Cuntas Brabúis agus Caillteanais** | **Clár Comhardaithe** |
|---|---|---|---|
| Scairchaipiteal Eisithe | | | |
| Carraeireacht Amach | | | |
| Stoc (31/12/2007) | | | |

**17.** Roghnaigh an **dá** théarma cuí ón liosta thíos chun na habairtí **(i)** agus **(ii)** a chomhlánú:

| | |
|---|---|
| **Onnmhairí Sofheicthe** | **Onnmhairí Dofheicthe** |
| **Allmhairí Sofheicthe** | **Allmhairí Dofheicthe** |

**(i)** Taispeántar Éireannaigh ag dul ar shaoire thar lear faoi

________________ ________________.

**(ii)** Taispeántar an t-airgead a bhuann capaill rása na hÉireann thar lear faoi

________________ ________________.

**18.** **(i)** Iontráil na hiarmhéideanna seo a leanas sa Leabhar Cúnta Ginearálta páirt-chomhlánaithe ag de Paor Tta:

| | | |
|---|---|---|
| 1 Eanáir 2008 | Stoc | €22,000 |
| | Rótharraingt Bhainc | €5,000 |

**(ii)** Ríomh an Gnáth-Scairchaipiteal:

| de Paor Tta – Leabhar Cúnta Ginearálta | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | F | Dr | Sr |
| | | | € | € |
| | Foirgnimh | MLG1 | 100,000 | |
| | Stoc | MLG2 | | |
| | Rótharraingt Bhainc | LA1 | | |
| | Gnáth-Scairchaipiteal | MLG3 | | |
| | Sócmhainní, Fiachais agus Scairchaipiteal de Paor Tta ar an dáta seo. | | | |

**19.** Tabhair míniú ar **dhá** chúis a n-ullmhódh gnólacht ráiteas faoi shreabhadh airgid:

**(i)** ______________________________

______________________________

**(ii)** ______________________________

______________________________

**20.** Iontráil an beart seo a leanas i Leabhar an Aischuir Isteach ag Mac Craith Tta:

Ar an 12 Bealtaine 2008, chuir de Róiste Tta earraí €5,400 ar ais chuig Mac Craith Tta (Nóta Creidmheasa Uimh. 9). Is é an ráta CBL atá ar na hearraí seo ná 21%.

| Mac Craith Tta – Leabhar an Aischuir Isteach | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | Uimh. NC | F | Glan € | CBL € | Iomlán € |
| | | | | | | |

# Le húsáid le ROINN B – Ceist 1 (A)

**Ráiteas Comparáide Buiséid le haghaidh theaghlach de Búrca don bhliain 2007**

| IONCAM | **Buiséad Ean. – Noll. €** | **Iarbhír €** | **Difríocht €** |
|---|---|---|---|
| Tuarastail | 21,000 | | |
| Sochar leanaí | 720 | | |
| Ús | 250 | | |
| Eile | | | |
| **IONCAM IOMLÁN** | 21,970 | | |
| CAITEACHAS | | | |
| *Seasta* | | | |
| Morgáiste | 4,080 | | |
| Árachas ghluaisteáin | 560 | | |
| Árachas tí | 235 | | |
| Fo-iomlán | 4,875 | | |
| *Neamhrialta* | | | |
| Costais teaghlaigh | 7,800 | | |
| Costais ghluaisteáin | 1,550 | | |
| Costais éadaí agus bróg | 2,000 | | |
| Costais solais agus teasa | 1,600 | | |
| Costais sláinte | 400 | | |
| Fo-iomlán | 13,350 | | |
| *Roghnach* | | | |
| Costais siamsaíochta | 1,560 | | |
| Bronntanais | 300 | | |
| Laethanta saoire | 1,800 | | |
| Fo-iomlán | 3,660 | | |
| **CAITEACHAS IOMLÁN** | 21,885 | | |
| Airgead Tirim Glan | 85 | | |
| Airgead Tirim Tosaigh | 1,400 | | |
| Airgead Tirim Deiridh | 1,485 | | |

***Nóta**: Ná líon na boscaí scáthaithe*

## Le húsáid le ROINN B – Ceist 1 (B) agus (C)

**1. (B)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(i)** | Cén t-airgead tirim deiridh a bhí buiséadaithe i gcomhair dheireadh 2007? | **Freagra:** | **€** |
| **(ii)** | Cé mhéad a bhí buiséadaithe ag teaghlach de Búrca a choigilt i rith na bliana 2007? | **Freagra:** | **€** |
| **(iii)** | Cén t-airgead tirim deiridh iarbhír a bhí acu ag deireadh 2007? | **Freagra:** | **€** |
| **(iv)** | Luaigh an méid a chaith teaghlach de Búrca de bhreis ar a gcaiteachas buiséadaithe iomlán. | **Freagra:** | **€** |

**(v)** Mínigh cúis **amháin** a raibh an t-ús 'Iarbhír' níos lú ná an t-ús 'Buiséadaithe'.

**1. (C)**

**(i)** Mínigh an téarma 'caiteachas roghnach'.

**(ii)** Mínigh an téarma 'árachas sláinte'.

**(iii)** Tabhair **dhá** shampla de chomhlachtaí a thairgeann árachas sláinte do mhuintir na hÉireann.

1

2

**Le húsáid le ROINN B – Ceist 4 (A)**

| | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Treoir Maidir le Dochar Díreach BSL** | | | | | | | | | | | |
| Uimhir do Chuntais Leictreachais | | | | - | | | | - | | | |
| Is mian liom mo bhille leictreachais a íoc gach dara mí. | | | | | | | | | | | |
| Do | An Bainisteoir | | | | | | | | | | |
| Banc | | | | | | | | | | | |
| Seoladh Bainc | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | |
| **Tugaim cead don BSL méideanna malartacha a chur chun dochair do mo chuntas bainc.** | | | | | | | | | | | |
| Ainm an Chuntais Bhainc a gcuirfear an t-airgead chun dochair dó | | | | | | | | | | | |
| Saghas Cuntais | | | | | | | | | | | |
| Uimhir an Chuntais Bhainc | | | | | | | | | | | |
| Cód Sórtála an Bhrainse | | | - | | | - | | | | | |
| Uimhir Theileafóin Theagmhála | | | | | | | | | | | |
| Síniú | | | | | | | | | | | |
| Dáta | | | | | | | | | | | |

**NÁ DÉAN DEARMAD AN ROINN SEO 'A' A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

Leathanach Bán

Leathanach Bán